C/2025/5427

8.10.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5427)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Terra d'Otranto'

Uimh. AE: PDO-IT-1519-AM01 — 17.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Terra d'Otranto'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Ballstát ar leis an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

MASAF [An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach sa mhéid nach n-áirítear leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil an riosca ann go gcuirfidís an nasc ar neamhní, agus nach ngabhann tuilleadh srianta leo maidir le margú an táirge.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.2 den doiciméad aonair maidir leis an tuairisc ar an táirge*

— Rinneadh an tuairisc ar 'Terra d'Otranto' a oiriúnú chun í a ailíniú le reachtaíocht nua an Aontais Eorpaigh maidir le hola agus le tabhairt isteach 4 chineál nua.

— Baineadh na luachanna le haghaidh aigéad líonoiléach, aigéad líonóiléineach, aigéad oiléach agus aigéad campaistéaróil mar pharaiméadair shaintreoracha.

— Laghdaíodh an aigéadacht uasta arna sloinneadh mar aigéad oiléach ó 0,8 g in aghaidh 100 g ola go 0,35 g in aghaidh 100 g ola;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Leagan nua:

Airteagal 7

Saintréithe maidir le tomhaltas

Nuair a scaoiltear lena tomhailt ola olóige úríon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Terra d'Otranto', ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith inti:

— Scrúdú orgánaileipteach:

Dath: glas nó buí le himreacha beaga glasa;

Blas torthaí: airmheán ≥ 1

Géire: airmheán ≥ 1

Searbhas: airmheán ≥ 1

Thairis sin, ag brath ar thráth na buainte agus ar leitheadúlacht na gcineálacha, forlíontar an blas torthaí le ruainníní duilleoige olóige, féar atá díreach bainte, cardún, bliosán, siocaire, trátaí agus torthaí na foraoise.

— Measúnú ceimiceach

Uasmhéid aigéadachta de réir meáchain nach sáraíonn 0,35 g d'aigéad oiléach in aghaidh gach 100 g ola;

luach sárocsaíde: < = 12 meq O2.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 2 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair maidir le cineálacha nua a thabhairt isteach.*

Tugadh ceithre chineál nua isteach (Leccino, FS17, Lecciana, agus Leccio del Corno), a údaraíodh, ar bhonn chinntí na Faireachlainne Sláinte Plandaí de bhun Airteagal 5(2) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/789 ón gCoimisiún an 18/05/2015, mar chineálacha a bhfuil frithsheasmhacht/fulaingt acu in aghaidh *Xylella fastidiosa*.

Leagan nua:

'Airteagal 2

Cineálacha ológ

Ní fhéadfar an tAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint "Terra d'Otranto" a úsáid ach amháin le haghaidh ola olóige úríon a fhaightear ó na cineálacha olóige seo a leanas a chuirtear sna garráin ológ, bídís leo féin nó i dteannta a chéile: Cellina di Nardò, Ogliarola (ar a dtugtar Ogliarola Leccese nó salentina go háitiúil), Leccino, FS17 (ar a dtugtar Favolosa), Lecciana agus Leccio del Corno, go 60 % ar a laghad.

Is féidir cineálacha eile atá sa gharrán a úsáid freisin, ar choinníoll nach mó iad ná 40 %.'

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Baineann an leasú seo leis an airteagal sa tsonraíocht táirge maidir le cruthúnas tionscnaimh.*

Cuireadh isteach airteagal sonrach maidir le cruthúnas tionscnaimh nár áiríodh sa tsonraíocht táirge chun í a thabhairt i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Chomhphobail.

Tugadh isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 4

Cruthúnas tionscnaimh

Déantar faireachán ar gach céim den phróiseas táirgthe, agus déantar gach ionchur agus gach aschur a thaifeadadh. Áirithítear inrianaitheacht an táirge trí na saothraithe ológ (gabháltais talmhaíochta), brúiteoirí, pacáisteoirí agus idirghabhálaithe a chur isteach i gcláir speisialta a bhainistíonn an comhlacht cigireachta. Tá gach duine nádúrtha agus dlítheanach a chuirtear isteach sna cláir ábhartha faoi réir seiceálacha ag an gcomhlacht cigireachta, de réir théarmaí na sonraíochta táirge agus an phlean rialaithe chomhfhreagraigh.’

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge maidir leis an modh táirgthe agus go háirithe na saintréithe saothraithe.*

— Tugadh isteach sainmhíniú ar na dáileachtaí talún saothraithe ológ, agus bunaíodh íosmhéid garrán ológ.

— Méadaíodh an táirgeadh uasta in aghaidh an heicteáir ó 12 000 kg in aghaidh an heicteáir go 15 000 kg in aghaidh an heicteáir.

— Déanfaidh an comhlacht cigireachta meastachán sula mbuainfear an t-uastáirgeadh ológ ó thalamh atá beartaithe chun ‘Terra d’Otranto’ a tháirgeadh.

Leagan nua:

‘Airteagal 5

Saintréithe fáis

(1) Chun críocha na sonraíochta táirge seo:

— is éard atá sa dáileacht talún saothraithe ológ dáileacht talún chadastrach ológ comhtheagmhálach amháin nó níos mó;

— is éar atá sa gharrán ológ dáileacht talún amháin nó níos mó.

(2) Is iad dálaí comhshaoil agus fáis na ngarrán ológ atá beartaithe chun ola olóige úríon a tháirgeadh dá dtagraítear in Airteagal 1 na dálaí sin a thugann na saintréithe cáilíochta sonracha do na hológa agus don ola a dhíorthaítear uathu.

Ní mór na plandaí a phrúnáil uair sa bhliain ar a laghad. Déanfar lomadh, treabhadh éadomhain agus brácáil dhá uair sa bhliain ar a laghad.

Ní mór na plandaí a dháileadh go cothrom ar fud limistéar iomlán na dáileachta talún ina bhfástar ológa.

Ní mór íosmhéid 1 heicteár a bheith sa gharrán ológ.

Ní ceadmhach go léireodh na plandaí damáiste mór a léiriú mar thoradh ar ghalair plandaí a chuirfeadh isteach níos mó ná 30 % ar a dtáirgiúlacht, cé is moite de phlandaí atá pollaraithe agus beangaithe le cineálacha a cheadaítear faoin tsonraíocht seo.

3) Ológa atá beartaithe chun ola olóige úríon a tháirgeadh a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint aici, dá dtagraítear in Airteagal 1, ní mór iad a bhuain faoin 15 Samhain gach bliain.

4) Ní fhéadfaidh an táirgeadh uasta ológ ó dháileachtaí talún ológ atá tiomnaithe do tháirge ola olóige úríon lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint amhail de réir Airteagal 1 15 000 kg in aghaidh an heicteáir a shárú.

5) Roimh an mbuaint, déanann an comhlacht cigireachta meastachán ar tháirgeadh uasta na n-ológ ó dháileachtaí talún atá beartaithe chun ola olóige úríon a tháirgeadh ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh le haghaidh an tséasúir fáis ola tagartha, le lamháltas 15 %.

Déantar an meastachán ar an táirgeacht uasta i gcomhaontú leis an saothraí ológ, i gcomhréir leis na hamscálaí agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa phlean cigireachta.

Ní féidir an táirgeacht torthaí go hola a bheith níos airde ná 20 %.'

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge maidir leis an modh táirgthe agus, go háirithe, na modhanna bainte ola.*

— Laghdaíodh an t-am nach mór ola a bhaint ó 48 n-uair an chloig go 24 uair an chloig.

— Tá íoschainníocht gach baisce fáiscthe bunaithe.

Leagtar amach thíos pointí 4 agus 6 d'Airteagal 6 (na pointí atá faoi réir leasú):

4) Ní mór an ola a bhaint laistigh de 24 uair an chloig ó bhuaint na n-ológ.

6) Ní fhéadfaidh íoschainníocht gach baisce d'ológa fáiscthe atá oiriúnach do ATFC a bheith níos lú ná 15 chéad cileagram, ionas gur féidir an ola a fhaightear a chlárú mar 'ATFC féideartha'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.5 den doiciméad aonair maidir le pacáistíocht.*

— Leathnaíodh an raon coimeádán a cheadaítear chun an táirge a phacáistiú.

Leagan nua:

Ní mór ola olóige úríon 'Terra d'Otranto' a scaoileadh lena tomhailt i gcoimeádáin atá déanta as gloine, criadóireacht, cruach, alúmanam, pláta stáin, nó coimeádáin ina bhfuil mála comhchodach i mbosca ina bhfuil toilleadh nach mó ná 3 lítear.

Ní mór do na gabhdáin a úsáidtear in aon chás an ola a chosaint ar ghathanna ultraivialaite.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.*

Athraíodh an t-airteagal maidir le lipéadú, agus scriosadh an pointe lena rialaítear úsáid ainmneacha gabháltas, eastát agus feirmeacha agus a suíomh ar lipéid, toisc gur cruthaíodh leis an bhforáil sin fadhbanna éagsúla léirmhínithe i gcaitheamh na mblianta.

Leagtar amach thíos Airteagal 8 maidir le lipéadú:

'Toirmisctear aon tuairisc a chur leis nach bhforáiltear go sainráite maidir léi sa tsonraíocht táirge seo don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint "Terra d'Otranto", lena n-áirítear na haidiachtaí "mín", "pioctha", "roghnaithe" nó "ardchaighdeán".

Féadfar ainmneacha, ainmneacha gnó agus ainmneacha branda a úsáid go cruinn, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholtach leo agus nach gcuirtear an tomhaltóir ar a mhíthreoir dá mbarr.

Ní mór úsáid tásc geografach eile a thagraíonn do bhardais agus do cheantair óna ndíorthaítear na hológa a léiriú i gcló éagsúil nach mó ná an cló a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Terra d'Otranto".

Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Terra d'Otranto" a chur ar an lipéad i gcló sainiúil doscriosta, i ndath a sheasann amach i gcoinne dhath an lipéid, ag áirithiú go bhfuil an t-ainm sin inaitheanta go soiléir ón bhfaisnéis eile uile atá le fáil ar an lipéad. Ní mór go gcomhlíonfadh na lipéid a úsáidtear don ainmniúchán freisin na rialacha lipéadaithe a leagtar síos sa reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Ní mór bliain na buainte a léiriú ar an lipéad.'

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Baineann an leasú seo le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus le pointe 5 den doiciméad aonair a bhaineann leis an nasc*

— Athoibríodh an nasc chun é a thabhairt i gcomhréir le tabhairt isteach na 4 chineál agus leis an staid nua a tháinig chun cinn i limistéar táirgeachta ATFC 'Terra d'Otranto' mar gheall ar *Xylella fastidiosa*.

Is mar seo a leanas atá an téacs ar an nasc:

'Baineann saintréithe an táirge leis na tosca ithreach agus aeráide sonracha: tugann tosca comhshaoil agus saothróga sonracha an limistéir saintréithe suntasacha d'ola "Terra d'Otranto".

Tá na tailte, cé gur tailte ollmhóra iad, aonchineálach den chuid is mó; díorthaítear iad ó aolchloch Chailceach, ar a bhfuil sraitheanna d'aolchloch threasach leagtha síos le haolchloch, dríodair Phléicéineacha agus Phléisticéineacha ghainmheacha agus chréúla; is cineálacha cré doinne nó deirge iad agus is minic a fhaightear iad i sraitheanna malartacha, agus iad suite ar charraigeacha aolchloiche.

I dtéarmaí topagrafaíochta, tá machairí fairsinge ag teorainn an limistéir agus iad briste suas le cnoic ísle, réchnocach, rud atá mar shaintréith ag an limistéar. Níl sruthchúrsaí dromchla sa limistéar ach tairbhíonn sé de líonra mór sruthchúrsaí faoi thalamh a thugann cáilíocht chinnte charst don réigiún uile. Mar gheall ar a nádúr cósta agus a airde íseal, tá aeráid chineálta the ag an limistéar.

Bhí forlámhas na gcineálacha dúchasacha Cellina di Nardò agus Ogliarola Leccese, a bhí i gceannas ar tháirgeadh ola olóige ar feadh na mblianta, mar shaintréith d'oidhreacht saothraithe ológ an limistéir sin ar dtús.

Tháinig athrú ar staid sláinte plandaí i limistéar Salento le leathadh an fhospeicis *Xylella fastidiosa* baictéar *Pauca*, rud a chuaigh i bhfeidhm go háirithe ar an dá chineál traidisiúnta a fhástar ann (Cellina di Nardò agus Ogliarola salentina). Tar éis tréimhse an-dúshlánach d'oibreoirí, thosaigh an earnáil ag lorg réiteach laistigh den limistéar féin.

Ar feadh na mblianta, bhí oibreoirí ag féachaint le sonraíocht táirge ATFC "Terra d'Otranto" a thabhairt cothrom le dáta, rud a d'fhág inniu gur leanadh den ghníomhaíocht táirgthe in earnáil na n-ológ agus na hola olóige maidir le dhá chineál ar dtús, agus anois ceithre chineál fhulangacha/fhrithsheasmhacha — Leccino, FS17, Lecciana agus Leccio del Corno — rud a cheadaíonn cáilíocht agus táirgeacht níos fearr, agus ola ATFC a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de an tráth céanna.

Is fianaise é sin ar thoilteanas agus ar fhadbhreathnaitheacht oibreoirí i gcuibhreannas ola ATFC "Terra d'Otranto" chun réitigh a lorg a bheadh in ann fás ológ deimhnithe in Salento a athbheochan, ar réitigh iad ina bhfuil an stair, luachanna agus críoch an réigiúin á n-urramú, agus atá ag tnúth leis an ionchas go ndéanfar tuilleadh forbartha, rud a fhágfaidh go ndéanfar cineálacha traidisiúnta a chomhtháthú de réir a chéile le saothróga a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad fulangach/frithsheasmhach in aghaidh *Xylella*.

Agus bhíothas in ann an méid sin ar fad a dhéanamh gan aon athrú ar chreat stairiúil ná ar thraidisiún geografach an limistéir lena mbaineann: Bhí Salento, agus ATFC "Terra d'Otranto" go háirithe, ina limistéar táirgeachta i gcónaí arb é is príomhthréith ann ola olóige úríon shonrach agus, thar aon ní eile, earnáil ina bhfuil táirgeoirí, próiseálaithe agus buidéalaithe a bhfuil an acmhainneacht agraithionsclaíoch chéanna agus an gaol céanna acu leis an talamh.

Níl ach tionchar páirteach ag an ngéinitíopa ar cháilíocht ola olóige úríon, toisc go ndéanann idirghníomhaíochtaí leis an gcomhshaol agus ionchuir táirgthe na n-oibreoirí áitiúla difear mór di, le linn na gcéimeanna táirgthe agus próiseála araon.

Eascraíonn táirge a bhfuil saintréithe sonracha ceimiceacha, céadfacha agus margaíochta aige, atá aonfhoirmeach agus so-aitheanta, atá inchomparáide leis an táirge ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht táirge, as comhghníomhaíocht tosca nádúrtha arb é atá inti dálaí sonracha ithreach agus aeráide, agus tosca daonna a bhaineann le fios gnó, cleachtais talmhaíochta agus teicneolaíocht atá dírithe ar shainiúlachtaí na críche.

Léiríodh go soiléir sa litríocht eolaíoch go bhfuil dálaí comhshaoil in ann tionchar a imirt ar chomhdhéanamh aigéid agus ar chomhdhúile iomadúla an chodáin neamh-inghallúnaithe, go háirithe cion na bpolaifeanól agus na n-ábhar so-ghalaithe, a mbíonn tionchar mór ag an meánteocht agus ag an bhfrasaíocht orthu.

Ciallaíonn sé sin nach n-athrófar buntréithe ATFC "Terra d'Otranto" le tabhairt isteach na gceithre chineál nua, buntréithe a fhanann mar an gcéanna leis na saintréithe a aithníodh ar dtús, gan athrú de réir tosca geografacha, nádúrtha agus daonna; comhlánaíonn na cineálacha sin na cinn a bhí ann roimhe seo agus fágann siad gur féidir luachanna a léiriú a bhfuil spéis níos mó ag baint leo agus atá thar a bheith úsáideach d'fhorbairt cháilíochtúil bhreise na hola olóige úríon a tháirgtear, trí choinníollacha sonracha teicniúla, agranamaíocha agus cáilíochtúla a thabhairt isteach don táirge féin, lena n-áirítear i ndáil leis an ngá feabhsaithe atá le táirgeadh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shaothrú.

Lena ndeimhnítear gurb é an brú comhshaoil a chuireann na dálaí ithreach agus aeráide ar an gcomhpháirt ghéiniteach a chinneann léiriú feinitíopach na bplandaí, le deich mbliana anuas, fuarthas amach:

— ó thaobh orgánaileipteach de, go bhfuil saintréithe sna ceithre chineál atá an-chosúil le saintréithe saothróga traidisiúnta, a tháirgeann olaí an-chomhchuí agus casta;

— go bhfuil tionchar mór ag dálaí ithreach agus aeráide limistéar ATFC "Terra d'Otranto" ar shaintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha na n-olaí a tháirgtear;

— go bhfuil leibhéal ard inoiriúnaitheachta ag na ceithre chineál ar ithreacha imeallacha atá i gcuid mhór de Salento, i.e. ithreacha éadoimhne, cnámhithreacha a bhfuil torthúlacht íseal acu;

— go bhfuil frithsheasmhacht mhaith ag na ceithre chineál in aghaidh triomaigh; go háirithe, tá Leccino agus Lecciana oiriúnach freisin do dhálaí fáis tura;

— go bhfuil cion aigéid oiléaigh na n-olaí a fhaightear ó na ceithre chineál nua cosúil leis an gcion a fhaightear ó Cellina di Nardò agus Ogliarola salentina;

— go bhfuil an t-am a bhaintear na hológa ó gach ceann de na ceithre chineál i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge, chun an ola den chaighdeán is airde a fháil.'

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Terra d'Otranto'

Uimh. AE: PDO-IT-1519-AM01 — 17.7.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Terra d'Otranto'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

• 15 — SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A DTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Nuair a scaoiltear lena tomhailt ola olóige úríon ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Terra d'Otranto', ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith inti:

— Scrúdú orgánaileipteach:

Dath: glas nó buí le himreacha beaga glasa;

Blas torthaí: airmheán ≥ 1

Géire: airmheán ≥ 1

Searbhas: airmheán ≥ 1

Thairis sin, ag brath ar thráth na buainte agus ar leitheadúlacht na gcineálacha, forlíontar an blas torthaí le ruainníní duilleoige olóige, féar atá díreach bainte, cardún, bliosán, siocaire, trátaí agus torthaí na foraoise.

— Measúnú ar na ceimiceáin

Uasmhéid aigéadachta de réir meáchain nach sáraíonn 0,35 g d'aigéad oiléach in aghaidh gach 100 g ola;

luach sárocsaíde: < = 12 meq O2.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ní fhéadfar an tAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint 'Terra d'Otranto' a úsáid ach amháin le haghaidh ola olóige úríon a fhaightear ó na cineálacha olóige seo a leanas a chuirtear sna garráin ológ, ina n-aonar nó i gcomhcheangal: Cellina di Nardò, Ogliarola (ar a dtugtar Ogliarola Leccese nó salentina go háitiúil), Leccino, FS17 (ar a dtugtar Favolosa), Lecciana agus Leccio del Corno, go 60 % ar a laghad.

Is féidir cineálacha eile atá sa gharrán a úsáid freisin, ar choinníoll nach mó iad ná 40 %.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór saothrú, táirgeadh agus fáscadh ola olóige úríon 'Terra d'Otranto' a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta a shonraítear faoi phointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór ola olóige úríon 'Terra d'Otranto' a scaoileadh lena tomhailt i gcoimeádáin atá déanta as gloine, criadóireacht, cruach, alúmanam, pláta stáin, nó coimeádáin ina bhfuil mála comhchodach i mbosca ina bhfuil toilleadh nach mó ná 3 lítear.

Ní mór do na gabhdáin a úsáidtear, in aon chás, ligean don ola a bheith faoi chosaint ar ghathanna ultraivialait.

Ní mór ola olóige úríon 'Terra d'Otranto' a phacáistiú laistigh den limistéar geografach táirgeachta, chun a áirithiú go rialaítear tionscnamh an táirge agus chun a sheachaint go n-iomprófar an táirge ar an mórchóir lasmuigh den limistéar sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le meath air agus na saintréithe sonracha a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 3.2 a chailleadh, go háirithe na ruainníní cardúin/bliosáin/siocaire sainiúla san ola. Ciallaíonn comhdhéanamh na hola, arb é is príomhthréith di leibhéal mór aigéad sailleach polai-neamhsháithithe, gur dócha go gcaillfidh sí cáilíocht orgánaileipteach agus sainiúlacht orgánaileipteach má nochtar í d'ocsaigin san aer agus í á haistriú, á caidéalú, á hiompar agus á díluchtú – oibríochtaí a dhéantar níos minice má dhéantar an buidéalú lasmuigh den limistéar táirgeachta.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Toirmisctear aon tuairisc a chur isteach nach bhforáiltear go sainráite maidir léi sa tsonraíocht táirge seo le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Terra d'Otranto', lena n-áirítear na haidiachtaí 'mín', 'pioctha', 'roghnaithe' nó 'ardchaighdeán'.

Féadfar ainmneacha, ainmneacha gnó agus ainmneacha branda a úsáid go cruinn, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholtach leo agus nach gcuirtear an tomhaltóir ar a mhíthreoir dá mbarr.

Ní mór úsáid tásc geografach eile a thagraíonn do bhardais agus do cheantair óna ndíorthaítear na hológa a léiriú i gcló éagsúil nach mó ná an cló a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Terra d'Otranto'.

Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Terra d'Otranto' a chur ar an lipéad i gcló sainiúil doscriosta, i ndath a sheasann amach i gcoinne dhath an lipéid, ag áirithiú go bhfuil an t-ainm sin inaitheanta go soiléir ón bhfaisnéis eile uile atá le fáil ar an lipéad. Ní mór go gcomhlíonfadh na lipéid a úsáidtear don ainmniúchán freisin na rialacha lipéadaithe a leagtar síos sa reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Ní mór bliain na buainte a léiriú ar an lipéad.

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta le haghaidh ológa a úsáidtear chun ola olóige úríon 'Terra d'Otranto' a tháirgeadh limistéir faoi ológa atá in ann táirgí a tháirgeadh ag a bhfuil na saintréithe cáilíochta dá bhforáiltear sa tsonraíocht táirge seo, lena n-áirítear cúige iomlán Lecce; cúige Taranto, cé is moite de na bardais seo a leanas: Ginosa, Laterza, Castellaneta, Palagianello, Palagiano, Mottola, Massafra, Crispiano, Statte agus an chuid de bhardas Taranto atá marcáilte sa chlár talún leis an litir A; agus na bardais seo a leanas i gcúige Brindisi: Brindisi, Cellino S. Marco, Erchie, Francavilla Fontana, Latiano, Mesagne, Oria, Sandonaci, San Pancrazio Salentino, San Pietro Vernotico, Torchiarolo agus Torre S. Susanna.

Síneann an limistéar geografach thuas i stua idir an Mhuir Iónach agus Muir Aidriad, ó ardchlár *Murge* i gcúige Taranto agus ó na fánaí is faide de *Murge di Sud-Est* i gcúige Brindisi, trí mhachaire Tavoliere di Lecce, go cnoic *Serre* ag cumar na Mara Iónaí agus Mhuir Aidriad.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Baineann saintréithe an táirge leis na tosca ithreach agus aeráide sonracha: tugann tosca comhshaoil agus saothróga sonracha an limistéir saintréithe suntasacha d'ola 'Terra d'Otranto'.

Tá na tailte, cé gur tailte ollmhóra iad, aonchineálach den chuid is mó; díorthaítear iad ó aolchloch Chailceach, ar a bhfuil sraitheanna d'aolchloch threasach leagtha síos le haolchloch, dríodair Phléicéineacha agus Phléisticéineacha ghainmheacha agus chréúla; is cineálacha cré doinne nó deirge iad agus is minic a fhaightear iad i sraitheanna malartacha, agus iad suite ar charraigeacha aolchloiche.

I dtéarmaí topagrafaíochta, tá machairí fairsinge ag teorainn an limistéir agus iad briste suas le cnoic ísle, réchnocach, rud atá mar shaintréith ag an limistéar. Níl sruthchúrsaí dromchla sa limistéar ach tairbhíonn sé de líonra mór sruthchúrsaí faoi thalamh a thugann cáilíocht chinnte charst don réigiún uile. Mar gheall ar a nádúr cósta agus a airde íseal, tá aeráid chineálta the ag an limistéar.

Bhí forlámhas na gcineálacha dúchasacha Cellina di Nardò agus Ogliarola Leccese, a bhí i gceannas ar tháirgeadh ola olóige ar feadh na mblianta, mar shaintréith d'oidhreacht saothraithe ológ an limistéir sin ar dtús.

Tháinig athrú ar staid sláinte plandaí i limistéar Salento le leathadh an fhospeicis *Xylella fastidiosa* baictéar *Pauca*, rud a chuaigh i bhfeidhm go háirithe ar an dá chineál traidisiúnta a fhástar ann (Cellina di Nardò agus Ogliarola salentina). Tar éis tréimhse an-dúshlánach d'oibreoirí, thosaigh an earnáil ag lorg réiteach laistigh den limistéar féin.

Ar feadh na mblianta, bhí oibreoirí ag féachaint leis na tagairtí cáilíochta i sonraíocht táirge ATFC a athnuachan, rud a d'fhág inniu gur leanadh den ghníomhaíocht táirgthe in earnáil na n-ológ agus na hola olóige maidir le dhá chineál ar dtús agus anois ceithre chineál fhulangacha/fhrithsheasmhacha — Leccino, FS17, Lecciana agus Leccio del Corno — rud a fhágann gur féidir cáilíocht agus táirgeacht níos fearr a bhaint amach, mar aon le hinbhuanaitheacht chomhshaoil níos fearr d'ola ATFC.

Is fianaise é sin ar thoilteanas agus ar fhadbhreathnaitheacht oibreoirí i gcuibhreannas ola ATFC 'Terra d'Otranto' chun réitigh a lorg a bheadh in ann fás ológ deimhnithe in Salento a athbheochan, ar réitigh iad ina bhfuil a stair, luachanna agus críoch féin á n-urramú, agus atá ag tnúth leis an ionchas go ndéanfar tuilleadh forbartha, rud a fhágfaidh go ndéanfar cineálacha traidisiúnta a chomhtháthú de réir a chéile le saothróga a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil siad fulangach/frithsheasmhach in aghaidh *Xylella*.

Agus bhíothas in ann an méid sin ar fad a dhéanamh gan aon athrú ar chreat stairiúil ná ar thraidisiún geografach an limistéir lena mbaineann: Bhí Salento, agus ATFC 'Terra d'Otranto' go háirithe, ina limistéar táirgeachta i gcónaí arb é is príomhthréith ann ola olóige úríon shonrach agus, thar aon ní eile, earnáil ina bhfuil táirgeoirí, próiseálaithe agus buidéalaithe a bhfuil an acmhainneacht agraithionsclaíoch chéanna agus an gaol céanna acu leis an talamh.

Níl ach tionchar páirteach ag an ngéinitíopa ar cháilíocht ola olóige úríon, toisc go ndéanann idirghníomhaíochtaí leis an gcomhshaol agus ionchuir táirgthe na n-oibreoirí áitiúla difear mór di, le linn na gcéimeanna táirgthe agus próiseála araon.

Eascraíonn táirge a bhfuil saintréithe sonracha ceimiceacha, céadfacha agus margaíochta aige, atá aonfhoirmeach agus so-aitheanta, atá inchomparáide leis an táirge ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht táirge, as comhghníomhaíocht tosca nádúrtha arb é atá inti dálaí sonracha ithreach agus aeráide, agus tosca daonna a bhaineann le fios gnó, cleachtais talmhaíochta agus teicneolaíocht atá dírithe ar shainiúlachtaí na críche

Léiríodh go soiléir sa litríocht eolaíoch go bhfuil dálaí comhshaoil in ann tionchar a imirt ar chomhdhéanamh aigéid agus ar chomhdhúile iomadúla an chodáin neamh-inghallúnaithe, go háirithe cion na bpolaifeanól agus na n-ábhar so-ghalaithe, a mbíonn tionchar mór ag an meánteocht agus ag an bhfrasaíocht orthu.

Ciallaíonn sé sin nach n-athrófar buntréithe ATFC 'Terra d'Otranto' le tabhairt isteach na gceithre chineál nua, buntréithe a fhanann mar an gcéanna leis na saintréithe a aithníodh ar dtús, gan athrú de réir tosca geografacha, nádúrtha agus daonna; comhlánaíonn na cineálacha sin na cinn a bhí ann roimhe seo agus fágann siad gur féidir luachanna a léiriú a bhfuil spéis níos mó ag baint leo agus atá thar a bheith úsáideach d'fhorbairt cháilíochtúil bhreise na hola olóige úríon a tháirgtear, trí choinníollacha sonracha teicniúla, agranamaíocha agus cáilíochtúla a thabhairt isteach don táirge féin, lena n-áirítear i ndáil leis an ngá feabhsaithe atá le táirgeadh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shaothrú.

Lena ndeimhnítear gurb é an brú comhshaoil a chuireann na dálaí ithreach agus aeráide ar an gcomhpháirt ghéiniteach a chinneann léiriú feinitíopach na bplandaí, le deich mbliana anuas, fuarthas amach:

— ó thaobh orgánaileipteach de, go bhfuil saintréithe sna ceithre chineál atá an-chosúil le saintréithe saothróga traidisiúnta, a tháirgeann olaí an-chomhchuí agus casta;

— go bhfuil tionchar mór ag dálaí ithreach agus aeráide limistéar ATFC 'Terra d'Otranto' ar shaintréithe ceimiceacha agus orgánaileipteacha na n-olaí a tháirgtear;

— go bhfuil leibhéal ard inoiriúnaitheachta ag na ceithre chineál ar ithreacha imeallacha atá i gcuid mhór de Salento, i.e. ithreacha éadoimhne, cnámhithreacha a bhfuil torthúlacht íseal acu;

— go bhfuil frithsheasmhacht mhaith ag na ceithre chineál in aghaidh triomaigh; go háirithe, tá Leccino agus Lecciana oiriúnach freisin do dhálaí fáis tura;

— go bhfuil cion aigéid oiléaigh na n-olaí a fhaightear ó na ceithre chineál nua cosúil leis an gcion a fhaightear ó Cellina di Nardò agus Ogliarola salentina;

— go bhfuil an t-am a bhaintear ológa na gceithre chineál i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge, chun an ola den chaighdeán is airde a fháil.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F9%252F8%252FD.a56bd25591ba82c2da99/P/BLOB%3AID%3D3342/E/pdf?mode=download